Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2025
(OR. en)

9277/25

LIMITE

JAI 661
ENFOPOL 168
CRIMORG 90
IXIM 104
DATAPROTECT 95
CYBER 145
COPEN 140
FREMP 134
TELECOM 153
COMPET 407
MI 318
CONSOM 88
DIGIT 95
CODEC 661

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0155 (COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 11 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac[1], arb é is aidhm dó oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhíse ar líne, mar shampla soláthraithe seirbhísí óstála agus seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, scaipeadh ábhair mí- úsáide gnéasaí leanaí a chosc, agus an t-ábhar sin a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint anuas, sirtheoireacht leanaí ('mealltóireacht') a chosc, a bhrath agus a thuairisciú, agus gníomhaireacht dhíláraithe nua de chuid an Aontais

[1] 9068/22.

(Lárionad an Aontais chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac)[2] a bhunú chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe, in éineacht le líonra Údarás Comhordúcháin náisiúnta agus údarás inniúil eile.

2. Tá an dréachtrialachán bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí - Póilíní (LEWP-P) an togra ag 35 chruinniú go dtí seo d'fhonn sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a ullmhú.

4. D'eisigh Seirbhís Dlí na Comhairle tuairim i scríbhinn an 26 Aibreán 2023[3].

5. Bhí díospóireachtaí beartais ag Coiste na mBuanionadaithe maidir leis an togra thuasluaite an 31 Bealtaine 2023, an 13 Deireadh Fómhair 2023 agus an 4 Meán Fómhair 2024, agus fuair sé tuarascáil ar dhul chun cinn i mí na Nollag 2023.

6. Fuair an Chomhairle tuarascálacha ar dhul chun cinn i mí na Nollag 2022 agus i mí an Mheithimh 2024 agus bhí plé aici d'fhonn cur chuige ginearálta páirteach a bhaint amach ag an gcruinniú i mí na Nollag 2024.

7. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an príomhchoiste don chaibidlíocht ar an togra. Cheap sé Javier Zarzalejos (PPE, ES) mar rapóirtéir i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ghlac Coiste LIBE a thuarascáil an 14 Samhain 2023, agus an 22 Samhain 2023 dearbhaíodh an cinneadh caibidlíocht idirinstitiúideach a thionscnamh.

8. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2021/1232 lena soláthraítear maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac go dtí an 3 Aibreán 2026.[4]

---

2 Tá roghnú shuíomh Lárionad an Aontais Eorpaigh beartaithe a bheith faoi réir comhaontú idirinstitiúideach maidir leis an nós imeachta roghnúcháin is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí nua de chuid an Aontais agus roghnófar é de réir mar a roghnaíodh suíomh an Údaráis um Chomhrac an Sciúradh Airgid.

3 8787/23.

4 Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024.



PUBLIC

## II. DUL CHUN CINN NA hOIBRE LE LINN UACHTARÁNACHT NA POLAINNE

9. Faoi Uachtaránacht na Polainne, chaith LEWP-P go leor ama agus rinne sé iarracht mhór chun cur chuige nua maidir leis an Rialachán atá beartaithe a fhorbairt agus chun téacsanna comhréitigh a dhréachtú ag na cruinnithe a bhí aige an 5 Feabhra[5], an 11 Márta[6], an 8 Aibreán[7] agus an 23 Bealtaine 2025[8]. Ina theannta sin, tionóladh cruinniú de chomhairleoirí Ceartais agus Gnóthaí Baile an 29 Aibreán 2025.

PUBLIC

10. Dhírigh an Uachtaránacht a cuid iarrachtaí ar réiteach nuálach a fhorbairt le haghaidh comhréiteach lena gcuirfí uirlisí éifeachtúla ar fáil chun scaipeadh ábhair mí- úsáide gnéasaí leanaí ar líne a theorannú agus comhlíonadh iomlán na gceart bunúsach á áirithiú ag an am céanna agus aghaidh á tabhairt ar ábhair imní a bhaineann leis an gcibear-athléimneacht agus an chibearshlándáil a chosaint:

- Mhol an Uachtaránacht (1) leanúint de bhrath deonach spriocdhírithe a bheith á dhéanamh ag soláthraithe de réir raon feidhme Rialachán (AE) 1232/2021 seachas an fhéidearthacht a bhunú maidir le horduithe braith agus (2) an chibearshlándáil lena n-áirítear criptiú a chosaint, agus seirbhísí lena n-úsáidtear criptiú ó cheann go ceann a choinneáil faoi raon feidhme an Rialacháin ag an am céanna.
- Moladh clásal athbhreithnithe lena n-iarrtar ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, laistigh de 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar na féidearthachtaí dlíthiúla agus teicneolaíocha a bhaineann le brath éigeantach amach anseo.
- Neartaíodh gnéithe coisctheacha, lena n-áirítear straitéisí náisiúnta tiomnaithe a bheith á n-ullmhú ag na Ballstáit agus straitéis chuimsitheach cumarsáide for-rochtana de chuid Lárionad an Aontais.
- Cuireadh tuilleadh béime ar bhearta chun leanaí a chosaint sa timpeallacht dhigiteach. Moladh gur cheart don chomhar idir soláthraithe seirbhíse, na Ballstáit, páirtithe leasmhara ábhartha eile agus Lárionad an Aontais tacú le hiarrachtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus rannchuidiú leis an gcreat cosanta leanaí níos leithne.

---

[5] 5352/25.
[6] 6475/25.
[7] 7080/25.
[8] 8621/25.

- Ina dhiaidh sin, d'oibrigh an Uachtaránacht leis na toscaireachtaí maidir le simplithe chun castachtaí agus an t-ualach riaracháin a laghdú. Áirítear leis sin an catagóiriú riosca agus an comhartha riosca laghdaithe a scriosadh, agus ailíniú an nós imeachta lena n-ordaítear do na soláthraithe measúnú riosca nó bearta maolaithe riosca breise nó coigeartaithe a dhéanamh leis na forálacha atá ann cheana maidir le cumhachtaí forfheidhmiúcháin na n-údarás inniúil. Is ábhar tosaíochta don Uachtaránacht é freisin tacaíocht a thabhairt do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga nó d'fhiontair mheánmhéide chun gnéithe teicniúla de bhearta sonracha maolaithe riosca a shainaithint agus a mheasúnú.

11. Thug an Uachtaránacht dá haire ag an gcruinniú a bhí ag LEWP-P an 23 Bealtaine 2025 tar éis scrúdú a dhéanamh ar théacs comhréitigh tosaigh agus ar dhá théacs comhréitigh a athbhreithníodh ina dhiaidh sin agus ar sheisiún tuairimíochta bunaithe ar phlépháipéar a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, nach raibh aon ghá leanúint den scrúdú ar an leibhéal teicniúil, ós rud é gur tugadh aghaidh ar na ceisteanna teicniúla uile ar bhealach cuimsitheach

## III. CONCLÚID

12. D'ainneoin iarrachtaí uile na hUachtaránachta tacaíocht a fháil do thogra comhréitigh, tá gá le tuilleadh oibre chun teacht ar chomhaontú maidir le sainordú caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

13. Ní dócha go dtiocfar ar chomhaontú idirinstitiúideach maidir leis an Rialachán atá beartaithe in am ionas gur féidir leis teacht i bhfeidhm sula rachaidh Rialachán (AE) 2021/1232 ar cuireadh síneadh leis in éag. Chun bearna dhlíthiúil a sheachaint, iarrann an Uachtaránacht ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí síneadh breise a chur le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/1232.

14. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe/ar an gComhairle dul chun cinn na hoibre le linn na hUachtaránachta maidir leis an Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac a thabhairt dá n-aire.



PUBLIC